



Uimhir Lárionaid

71

Uimhir larrthóra

General Certificate of Secondary Education  
2010–2011

## Eolaíocht: Teastas Dúbailte (Modúlach)

Fórsaí agus Fuinneamh

Triail Deireadh Modúil

C Ardsraith  
[GDC02]



DÉARDAON 11 SAMHAIN 2010, IARNÓIN

AM

45 nójead.

### TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir larrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.  
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.  
Freagair **gach ceann** den **dá cheist déag**.

### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.  
Léiríonn figíúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	

Marc iomlán	
-------------	--

- 1 Tógaann Flora mála prátaí go dtí seilf atá 200 cm ar airde. Tá meáchan 80 N sa mhála.

Ríomh, ina ghiúil, an méid oibre a dhéanann Flora.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>

Obair = \_\_\_\_\_ J [4]

- 2 Jíp agus carr spóirt atá anseo thíos.



© Hemera/Thinkstock



© Hamann Motorsport GmbH

Tá an carr spóirt níos cobhsaí ná an jíp. Luaign dhá fháth le cad chuige.

1.\_\_\_\_\_ [1]

2.\_\_\_\_\_ [1]

- 3 Athraíonn callaire fuinneamh ó chineál amháin ina chineál eile.



© CVR - Audio

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>

Táirgeann an callaire thuas 3 J d'fhuinneamh fuaime le haghaidh gach 75 J d'fhuinneamh leictreach a ionchuirtear.

- (i) Ríomh éifeachtacht an challaire.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Éifeachtacht = \_\_\_\_\_ [3]

- (ii) Ciorclagh an t-aonad, má tá aonad ar bith ann, le haghaidh éifeachtachta ón liosta seo a leanas.

giúl

niútan

gan aonad ar bith

vata

[1]

- (iii) Ní thig le héifeachtacht an challaire a bheith níos mó ná 1 in am ar bith. Cad chuige?

\_\_\_\_\_ [1]

- 4 Téann rothaí timpeall coir mar a thaispeántar.



© Cycle Logic Racing

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
<input type="text"/>	<input type="text"/>
<input type="text"/>	<input type="text"/>

- (a) Cén fórsa aligeann don rothaí dul timpeall an choir?

\_\_\_\_\_ [1]

Is é 115 kg mais iomlán an rothaí agus an rothair agus téann sé timpeall an choir faoi luas tairiseach de 6 m/s.

- (b) Ríomh an móiminteam iomlán atá iontu.


Cuimhnigh an t-aonad ceart a chur isteach.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Móiminteam = \_\_\_\_\_ [4]

5 Anseo thíos tá an graf faid is ama do lúthchleasaí.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>



- (a) Cén réigiún **AB**, **BC** nó **CD** a bhfuil an luas is gasta faoin lúthchleasaí lena linn? Luaigh fáth le do fhreagra.

Réigiún \_\_\_\_\_ [1]

Fáth \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ [1]


- (b) Ríomh luas an lúthchleasaí i réigiún **CD**.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Luas = \_\_\_\_\_ m/s [3]

- 6 Taispeánann an léaráid 3 bhloc tógála atá curtha i gceann a chéile. Tá meáchan 300 N i ngach ceann de na bloic.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
<input type="text"/>	<input type="text"/>
<input type="text"/>	<input type="text"/>



- (a) Úsáid na figiúirí sa léaráid leis an bhrú atá á fheidhmiú ar an talamh a ríomh ina  $\text{N/cm}^2$ .

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

$$\text{Brú} = \underline{\hspace{2cm}} \text{N/cm}^2 \quad [3]$$


Is féidir an bloc ag an bhun a athrú sa dóigh go mbeidh an brú a bheidh á fheidhmiú ansin níos mó ná an luach a fuair tú in (a) thuas.

- (b) Cén dóigh, dar leat, ar chóir an bloc ag an bhun a chóiriú leis an bhrú is mó seo a fháil?

\_\_\_\_\_ [1]

7 Tá folúsfhleascán deartha le leachtanna a choinneáil te.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>



Comhlánaigh an tábla thíos lena thaispeáint cad é an modh traschur teasa atá á laghdú ag gach ceann de na gnéithe atá lipéadaithe sa léaráid.

Tá an chéad sraith déanta.


Gné	Seoladh	Comhiompar	Radaíocht
Clár plaisteach	✓	✓	
Dromchlaí Airgeadta			
Folús			

[3]

- 8 Le méadú ar an méid leictreachais atá á ghiniúint i dTuaisceart Éireann le hacmhainní in-athnuaité fuinnimh is dócha go gcaithfí go leor turbíní gaoithe nua a thógail.

Taispeánann an graf cad é mar a d'athraigh aschur turbín gaoithe le luas gaoithe.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>



- (i) Úsáid an graf le cur síos go mion ar an dóigh a mbíonn aschur cumhachta turbín ag athrú le luas gaoithe.

---



---



---



---

[3]

- (ii) Luaigh míbhuntáiste **amháin** as turbíní gaoithe a úsáid le cuid mhór den leictreachas atá de dhíth i dTuaisceart Éireann a ghiniúint.


---



---

[1]

- 9 Taispeánann an graf treoluais is ama seo thíos gluaisne cairr ar bhóthar díreach.



Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>

(a) Ticeáil (✓) an freagra ceart a chuireann síos ar gluaisne an chairr

D'athraigh an carr treo ag C

Tá an carr ina stad le linn BC

Tá treolusas foisteanach faoin charr le linn BC

[1]


(b) Faigh díláithriúchán an chairr sa chéad 60 soicind dá gluaisne.

Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.

$$\text{Díláithriúchán} = \underline{\hspace{2cm}} \text{ m} \quad [3]$$

- 10 Agus rothaí á n-athrú ar charr, úsáidtear bíomál rotha leis na rothchnónna a scaoileadh.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>



- (a) Tá sé níos fusa an cnó a scaoileadh le bíomál rotha B. Mínigh cad chuige.

---




---

[1]

- (b) Tá bíomál rotha difriúil in úsáid le rothchnó a scaoileadh. Is é 72 Nm an éifeacht deilte (casaidh).

Faigh méid fhórsa F.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**



$$\text{Fórsa } F = \underline{\hspace{2cm}} \text{ N} \quad [2]$$

- 11 Tá Pádraigín dar mais 70 kg ag rothaíocht ar rothar dar mais 45 kg.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
<input type="text"/>	<input type="text"/>



- (a) Ríomh an luasghéarú a bhíonn á tháirgeadh ag an fhórsa comhthoraidh de 230 N.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

$$\text{Luasghéarú} = \underline{\hspace{2cm}} \text{ m/s}^2 \quad [3]$$

- (b) Abair go raibh Pádraigín ina suí ceartdíreach ar an rothar. Déan cur síos agus tabhair míniú ar an éifeacht a bheadh ann ansin ar mhéid an luasghéaraithe, ag glacadh leis go bhfuil an tulfhórsa (fórsa chun cinn) tairiseach.

Cur síos:

---

---

Míniú:


---

---

[2]

**12** Téann carr sleamhnání síos cnoc ó fhos.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc



Tá mais 200 kg ann agus baineann sé treolus 36 m/s amach ag bun an chnoic.

- (a)** Faigh Fuinneamh Cinéiteach an chairr sleamhnání ag bun an chnoic.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

$$FC = \underline{\hspace{2cm}} \text{ J} \quad [3]$$

- (b)** Úsáid prionsabal imchoimeád an fhuinnimh agus do fheregra ar **(a)** le hairde,  $a$ , an chnoic a ríomh.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

$$\text{Airde } (a) = \underline{\hspace{2cm}} \text{ m} \quad [3]$$

---

## **SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

---





Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.  
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh  
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.